Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 6

# Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

## Réamhrá

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, is gá dom an cuntas leithreasa a ullmhú gach bliain don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

**Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Feidhmíodh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh cuntas leithreasaithe, nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

**Slándáil Faisnéise agus Teicneolaíocht Chumarsáide**

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais chun na príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Is próiseas leanúnach é athbhreithniú agus uasghrádú na gcóras slándála TFC, nuair is gá.

Uasghrádaíodh na córais balla dóiteáin i 2011 agus feidhmíonn siad go héifeachtúil i gcónaí.

**Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais**

Athbhreithníonn an Coiste MAC agus Iniúchóireachta na rialuithe go rialta. Breithníonn an MAC na tuairiscí iniúchóireachta ar fad.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as an gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím go bhfuil mé freagrach as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe don airgeadas inmheánach.

Feidhmítear an fhreagracht i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil agus na dualgais eile orm mar Cheann Oifige. Freisin, ní thig le aon chóras rialaithe inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, na bearta údaraithe agus cuíchláraithe, agus go gcoisctear earráidí nó mí-rialtachtaí ábhartha nó go mbrathtar iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas rialaithe inmheánach airgeadais a choinneáil, agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Imshaol Rialú an Airgeadais***

Dearbháim go bhfuil imshaol rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta, le cuntasacht chomhfhreagrach
- Leagadh síos socruithe tuairiscíochta ag gach leibhéal inar sannadh freagrachtaí as bainistiú an airgeadais.
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus cuíghníomhaíocht ceartaithe a chinntiú
- tá coiste iniúchóireachta ann chun mé a chomhairliú faoi chomhlíonadh mo dhualgais i leith córais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairiscíocht Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- Go bhfuil cuíchóras buiséid ann agus buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainistíocht shinsearach é faoi athbhreithniú
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuairiscí bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht an airgeadais in aghaidh réamhfhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas riartha rioscaí laistigh den Oifig.
- Tá córais ann chun slándáil na gcóras TCF a chinntiú.
- Tá cuí-theoirlínte rialaithe infheistíocht chaipitiúil ann agus disciplíní foirmeálta riartha tionscadal.
- Tharla roinnt cásanna nuair nár cuireadh earraí agus seirbhísí ar tairiscint nó nuair nár lorgaíodh meastacháin ó roinnt soláthróirí; ba é luach na n-íocaíochtaí gaolmhara le linn na bliana ná €663,267. Ní raibh Oifigeach Soláthair tiomnaithe i bhfeidhm ag an Oifig le linn 2012. Tá an suíomh seo réitithe agus tá tús curtha ag an Oifig le próiseas athbhreithnithe le lánchomhlíonadh na dtreoirlínte soláthair phoiblí a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig le pearsanra cuí-oilte, a fheidhmíonn faoi réir cairte scríofa atá faofa agam. Cabhraíonn anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh leis an obair, agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla a d’fhaofaigh mé, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé i gceist go gclúdóidh na pleananna seo na príomhrialuithe ar bhonn rollála thar thréimhse réasúnta. Athbhreithním féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta go rialta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar measúnú iar-iniúchta ar thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Eileen Creedon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

27 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair**

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2012.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2013

# Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

# Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán Soláthair** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Soláthar seirbhísí dlí | 34,812 | 30,679 | 32,915 |
| | **Ollchaiteachas** | **34,812** | **30,679** | **32,915** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,860** | **1,876** | **2,332** |
| | **Glanchaiteachas** | **32,952** | **28,803** | **30,583** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le géilleadh | 4,148,587 | 3,605,195 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán Soláthair** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 14,843 | 14,245 | 14,404 |
| ii | Taisteal agus cothú | 61 | 65 | 61 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais teagmhasacha | 1,055 | 919 | 991 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 350 | 344 | 339 |
| v | Trealamh Oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 750 | 579 | 716 |
| vi | Costais áitreamh oifige | 410 | 171 | 445 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus polasaí athbhreithnithe luach ar airgead | 29 | 11 | 20 |
| | | **17,498** | **16,334** | **16,976** |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas um Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 14,345 | 15,939 |
| Pá | | 14,245 | 14,404 |
| Neamh-phá | | 2,089 | 2,572 |
| **Ollchaiteachas** | | **30,679** | **32,915** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,876** | **2,332** |
| **Glanchaiteachas** | | **28,803** | **30,583** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Airgead tirim ar cheannacháin | (169) | | |
| Dímheas | 302 | | |
| | | 133 | 71 |
| **Athruithe i sócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (38) | (25) |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú i bhfabhruithe deiridh | (897) | | |
| Laghdú stoic | 18 | | |
| | | (879) | (2,086) |
| **Caiteachas díreach** | | **28,019** | **28,543** |
| **Caiteachas á iompair áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí | | 2,084 | 2,136 |
| Cíosanna barrúlacha | | 821 | 826 |
| **Glanchostas an chláir** | | **30,924** | **31,505** |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhaara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas a iompraítear áit eile i leith Vóta 6.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | 61 | 98 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scortha | 1,085 | 1,410 |
| Vóta 13Oifig na nOibreacha Poiblí | 938 | 628 |
| | 2,084 | 2,136 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.3 | 767 | 900 |
| **Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | 2.4 | 63 | 25 |
| | | **830** | **925** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 1,377 | (215) |
| Stoic | 2.6 | 49 | 67 |
| Réamh-íocaíochtaí | | 188 | 154 |
| Ioncam fabhraithe | | 9,122 | 8,637 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 397 | 129 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.9 | 702 | 1,996 |
| **Ollsócmhainní reatha** | | **11,835** | **10,768** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,024 | 1,402 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 2,476 | 1,910 |
| **Olldliteanais reatha** | | **3,500** | **3,312** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **8,335** | **7,456** |
| **Glansócmhainní** | | **9,165** | **8,381** |
| **Léirithe mar:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.1 | **9,165** | **8,381** |

### 2.1 Cuntas Maoinithe Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 8,381 | 6,341 |
| Maoiniú íostarraingthe | 2.2 | 30,887 | 32,719 |
| Caiteachas neamh-airgid thirim – cíos barrúlach | 1 | 821 | 826 |
| Glanchostas cláir | 1 | (30,924) | (31,505) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **9,165** | **8,381** |

### 2.2 Maoiniú Íostarraingthe

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 32,952 | 34,188 |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (4,149) | (3,605) |
| | | 28,803 | 30,583 |
| Caiteachas (airgead tirim) á iompar áit eile | 1 | 2,084 | 2,136 |
| **Ollmhaoiniú íostarraingthe** | | **30,887** | **32,719** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitiúla

| | Trealamh Oifige | Troscán agus Fearais | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | 3,811 | 1,695 | 5,506 |
| Breiseanna | 141 | 28 | 169 |
| Diúscairt | (117) | (9) | (126) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 3,835 | 1,714 | 5,549 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | 3,423 | 1,183 | 4,606 |
| Dímheas don bhliain | 213 | 89 | 302 |
| Dímheas ar dhiúscairt | (117) | (9) | (126) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2012 | 3,519 | 1,263 | 4,782 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | 316 | 451 | 767 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | 388 | 512 | 900 |

## 2.4 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt

| ag 31 Nollaig 2012 | Feidhmiúcháin Ríomhaire |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tógtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2012 | 25 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 38 |
| Aistrithe chuig clárlann sócmhainní | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2012 | 63 |

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 1,569 | 23 |
| Orduithe amuigh | (192) | (238) |
| | 1,377 | (215) |

## 2.6 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 49 | 67 |

## 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ilghnéitheach | 397 | 129 |

## 2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 242 | 248 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 108 | 107 |
| Cáin Iarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 244 | 410 |
| Cáin Bhreisluacha | 10 | 7 |
| Síntiúis Pinsin | 51 | 52 |
| | 655 | 824 |
| Asbhaintí párolla ar fionraí | 51 | 55 |
| Míreanna eile sochair ar fionraí | 1,770 | 1,031 |
| | 2,476 | 1,910 |

## 2.9 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 4,149 | 3,605 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (4,851) | (5,601) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (702) | (1,996) |
| **Léirithe mar:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 397 | 129 |
| Banc agus airgead tirim | 1,377 | (215) |
| | 1,774 | (86) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (655) | (824) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,821) | (1,086) |
| | (2,476) | (1,910) |
| | (702) | (1,996) |

## 2.10 Tiomantais

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán conarthaí in-fhorghníomhaithe le dlí | 868 | 893 |

Cé go raibh tiomantais ag an Oifig i leith táillí dlí ag deireadh na bliana, níl siad inchainníoctaithe ar dhóigh shuntasach, agus tá siad faoi réir neamhchinnteachtaí bunúsacha agus fachtóirí nach féidir a thuar ach a mbíonn baint ghinearálta acu le réamhaisnéisí costais dlí. Tá siad, áfach, faoi réir ag rialuithe atá dírithe ar riaradh costas agus ar bhreathnú na dteorainneacha buiséid.

## 2.11 Dliteanais Aibithe

Ba é €18,425 méid na ndliteanas aibithe a bhí neamhscaoilte ag 31 Nollaig 2012.

## 3 Clár Caiteachais de réir Fo-theidil

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán Soláthair** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Soláthar seirbhísí dlí** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 14,843 | 14,245 | 14,404 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 2,655 | 2,089 | 2,572 |
| A.3 | Seirbhísí dlí seachtracha | 248 | 142 | 147 |
| A.4 | Táillí do chomhairleoirí | 12,550 | 9,528 | 10,268 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí | 4,516 | 4,675 | 5,524 |
| | | 34,812 | 30,679 | 32,915 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

I gcoitinne, bhí an caiteachas maidir le Clár A €4,133,000 níos lú ná a soláthraíodh. Tharla sin, go príomha, de bharr an méid seo a leanas:

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(mó) ná a solathraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí dlí seachtracha | 106 | Déanann an fo-theideal seo soláthar maidir le úsáid aturnaetha áitiúla Stáit, chun cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a láimhseáil. Tá sé an-deacair a thuar cad é líon na gcásanna dá shórt a tharlóidh i mbliain áirithe, nó na táillí, má tá an cás lasmuigh den ghnáthraon oibre. |
| Táillí do chomhairleoirí | 3,022 | Tá caiteachas ar thállí comhairleoirí ag brath ar an leibhéal gníomhaíochta sna cúirteanna agus tá sé deacair é a thuar dá thoradhsan. Is príomhghníomhaíocht d'Oifig Phríomh-Atunae an Stáit é bainistiú caiteachais ar tháillí comhairleoirí, agus d'aimsigh an Oifig breis coigiltis le linn 2012. Tá an Oifig gníomhach i gcónaí ag bainistiú an Fhotheidil seo d'fhonn breis barainneachta a bhaint amach. |

# 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Costais agus táillí a fuair Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 1,000 | 960 | 1,382 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí pinsin-ghaolmhara ar luach saothar seirbhís phoiblí | 860 | 916 | 950 |
| | | 1,860 | 1,876 | 2,332 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach fo-theidil ina raibh difríocht idir toradh agus méid measta de bhreis ar €100,000, agus níos mó ná 5%. Níor aimsigh aon toradh ar an Vóta na critéir seo i 2012.

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

Lóisteáladh €13,813 in iomlán don Státchiste faoin Acht Maoine Stáit, 1954.

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 217 | 223 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 13,144 | 13,326 |
| Liúntas dualgas ard, speisialta nó breise | 80 | 87 |
| Liúntais eile | 8 | 13 |
| Ragobair | 20 | 28 |
| ÁSPC Fostóra | 993 | 950 |
| **Iomlán Pá** | **14,245** | **14,404** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uas-íocaíocht indibhidiúil 2012 € | Uas-íocaíocht indibhidiúil 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais arda, speisialta nó breise | 32 | — | 9,280 | 10,914 |
| Liúntais eile | 5 | — | 1,783 | 6,873 |
| Ragobair | 18 | — | 5,464 | 5,401 |

Fuair roinnt daoine maoiniú breise i níos mó ná catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

| **6.1 Costais Dlí** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Déantar costais dlí a íoctar i rith na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas: | | |
| Táillí do Chomhairleoirí | 9,529 | 10,268 |
| Costais Ghinearálta Dlí | 1,135 | 1,436 |
| Scéim an Ard-Aighne | 3,540 | 4,088 |
| Seirbhísí Dlí Seachtracha | 142 | 147 |
| Cúiteamh a Íocadh | — | — |
| | 14,346 | 15,939 |

**6.2 Airgead Sealbhaithe in Iontaobhas**

Déanann OPAS roinnt cuntas bainc thráchtála. Sealbhaítear airgead sna cuntais seo in iontaobhas ar son Ranna agus Oifigí Cliaint agus tríú páirtithe a bhíonn rannpháirteach go príomha in idirbhearta réadmhaoine. Ní tharchuirtear aon airgead ó leithdháileadh Meastacháin OPAS trí na cuntais bhainc seo. Is í an tsuim a coinníodh ag deireadh 2012 ná €4.456 milliún.